Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2024
(OR. en)

16484/2/24
REV 2
PV CONS 63
COMPET 1184
IND 547
MI 1000
RECH 533
ESPACE 113

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás))

28 agus 29 Samhain 2024

**CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 28 SAMHAIN 2024**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15898/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 16139/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS AN TIONSCLAÍOCHT

**3. Conclúidí maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa** 16080/24
*Formheas*

Ní raibh an Chomhairle in ann teacht ar chomhthoil maidir leis na dréachtchonclúidí a cuireadh faoi bhráid na Comhairle. Chinn an Uachtaránacht téacs leasaithe a eisiúint mar chonclúidí ón Uachtaránacht mar a leagtar amach in 16294/24 iad, lenar thacaigh 25 Bhallstát.

Leagtar amach ráitis ón Ostair agus ón nGearmáin san Iarscríbhinn.

4. Rialáil níos fearr san Eoraip 15630/24
*Seisiún tuairimíochta*

**Aon ghnó eile**

**5. (a) Togra comhpháirteach le haghaidh beartas Eorpach athnuaite gluaisteán: cothromaíocht a aimsiú idir an t-iomaíochas agus an uaillmhian aeráide** 15960/24
*Faisnéis ón mBulgáir, ón Ostair, ón Iodáil, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSeicia agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Ostair, ón mBulgáir, ón tSeicia, ón Iodáil, ón bPolainn, ón Rómáin agus ón tSlóvaic.

**(b) Tograí reachtach reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** ❶C

**(i) Rialachán maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála** 12976/1/23 REV 1 (en)

**(ii) Pacáiste um deimhniú forlíontach cosanta** 8851/23
8869/23
+ ADD 1-2
8894/23
+ ADD 1-3
8887/23 + ADD 1

**(iii) An Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe** 16338/23 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(c) An bithgheilleagar — na chéad chéimeanna eile san Aontas** 2 15966/24
*Faisnéis ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPortaingéil, ón Spáinn agus ón tSualainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Laitvia, an Liotuáin, an Phortaingéil, an Spáinn agus an tSualainn ar fáil.

**(d) Leas iomlán a bhaint as réabhlóid na biteicneolaíochta** 2 15969/24
*Faisnéis ón Danmhairg, ó Éirinn, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón tSlóvaic agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Danmhairg, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an tSlóvaic agus an Spáinn ar fáil.

**(e) Táirgeadh Ceallraí na hEorpa a fhorbairt agus an bealach chun cinn chun Tionscal Ceallraí iomaíoch a áirithiú san Eoraip** 2 15962/24
*Faisnéis ón tSualainn, ón bhFrainc agus ón nGearmáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSualainn, an Fhrainc agus an Ghearmáin ar fáil.

**(b)** **(ar lean) Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** ⓵C

**(iv)** **Rialachán maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh i ndáil leis an dearbhú maidir le hoibrithe a phostú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012** 15620/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(f) Tuarascáil 2024 ó Líonra Toscairí na FBManna chuig an gComhairle Iomaíochais 15453/24
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

(g) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón bPolainn*

## CRUINNIÚ DÉ hAOINE, AN 29 SAMHAIN 2024

### Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

TAIGHDE

**6.** **Conclúidí maidir le hiomaíochas an Aontais a neartú, an Limistéar Eorpach Taighde a threisiú agus ilroinnt an limistéir sin a shárú** 2 15553/24
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

**7.** **Conclúidí maidir le tionscnamh T&F uile-Eorpach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, slándáil na gcóras bia agus imscaradh an bhithgheilleagair a chur chun cinn, leas a bhaint as acmhainneacht Lár agus Oirthear na hEorpa** 2 15304/24 + COR 1 + **REV 1 (et)**
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

| | | |
|---|---|---|
| **8.** | **Conclúidí maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hábhair shárfhorbartha**<br>*Formheas* | 15398/24 |

D'fhormheas an Chomhairle téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

| | | |
|---|---|---|
| **9.** | **An méid a chuir taighde agus nuálaíocht le hiomaíochas an Aontais Eorpaigh: obair leantach ar mholtaí na Tuarascála maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa**<br>*Díospóireacht bheartais* | 15518/24 |

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

AN SPÁS

| | | |
|---|---|---|
| **10.** | **Conclúidí maidir le hinniúlachtaí Eorpacha in earnáil an spáis a threisiú**<br>*Formheas* | 15018/24<br>+ COR 1 |

D'fhormheas an Chomhairle téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

| | | |
|---|---|---|
| **11.** | **Conclúidí maidir leis an meastóireacht eatramhach ar Chlár Spáis an Aontais Eorpaigh**<br>*Formheas* | 15017/24<br>+ COR 1 |

D'fhormheas an Chomhairle téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

| | | |
|---|---|---|
| 12. | Todhchaí bheartas spáis an Aontais<br>*Seisiún tuairimíochta* | 15020/24<br>+ COR 1 |

**<u>Aon ghnó eile</u>**

<u>Taighde</u>

13. (a) **Neamhspleáchas na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) a threisiú** [2] 15779/24
*Faisnéis ón Danmhairg, ón mBeilg, ón gCipir, ón gCróit, ón Eastóin, ó Éirinn, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón nGréig, ón Iodáil, ón Ísiltír, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Lucsamburg, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSeicia, ón tSlóvaic, ón tSlóivéin, ón Spáinn agus ón tSualainn*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire faisnéis a chuir an Danmhairg, an Bheilg, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSeicia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn ar fáil. Chuir an Ostair a tacaíocht in iúl freisin.

(b) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón bPolainn*

<u>An Spás</u>

(c) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón bPolainn*

---

[1] An chéad léamh

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 15898/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Conclúidí maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'I bhfianaise na dinimice iomaíche domhanda, tá sé ríthábhachtach straitéis iomlánaíoch a fhorbairt a thuilleadh chun an t-iomaíochas agus an táirgiúlacht a chur chun cinn chun na bearnaí fáis agus nuálaíochta idir an Eoraip agus tríú tíortha atá in iomaíocht léi a dhúnadh.

Mar sin féin, cuireann an Ostair seasamh criticiúil in iúl maidir leis na hábhair seo a leanas sna Conclúidí ón Uachtaránacht:

1. Laghdú ar cheanglais tuairiscithe: Tá sé ríthábhachtach an t-ualach riaracháin gan údar agus na ceanglais tuairiscithe don tionscal agus do FBManna a laghdú agus na caighdeáin atá ann cheana á n-urramú. Ba cheart na ráitis i mír 5, go háirithe maidir leis na 'seiceálacha comhréireachta' agus an prionsabal 'Tús áite d'fhiontair bheaga' a choinneáil, agus ba cheart modheolaíocht shonrach a úsáid chun an laghdú ar na ceanglais tuairiscithe thar an sprioc 25 % a chur chun feidhme go tapa.
2. Fuinneamh núicléach: Tá an Ostair den tuairim nár cheart ach na teicneolaíochtaí sin atá sábháilte, inbhuanaithe agus fónta ó thaobh an chomhshaoil, go háirithe teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, a chur chun cinn. I gcás rialtas na hOstaire, ní chuimsítear cumhacht núicléach in aon tagairt don fhuinneamh glan ná do na teicneolaíochtaí glana.
3. Maoiniú: Is díol sásaimh don Ostair go ndiúltaítear sna Conclúidí ón Uachtaránacht d'aon réamhbhreithiúnas ar an gcaibidlíocht CAI atá ar na bacáin. Tá an Ostair i gcoinne go ndéanfaí tuilleadh frithpháirtithe fiachais freisin. Ní mór infheistíochtaí a mhaoiniú, go háirithe trí chistí príobháideacha a shlógadh. I gcomhréir leis an dearbhú ón nGrúpa Euro+ maidir le hiomaíochas, ós rud é nach mór cistí poiblí a úsáid go héifeachtach.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

‘Tacaíonn an Ghearmáin go sainráite le cuspóirí na gConclúidí maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa.

Tá go leor pointí tábhachtacha sna conclúidí ón gComhairle ina ndírítear aird ar chlár oibre an Choimisiúin nua a bheidh ann amach anseo. Is iad an príomhdhúshlán agus an príomhchúram atá ar an reachtas nua iomaíochas an Aontais a neartú. Is díol sásaimh dúinn freisin an bhéim a leagtar sna conclúidí gur ghné lárnach den iomaíochas iad an t-oideachas, an taighde agus an nuálaíocht.

Is amhlaidh is oscailt thábhachtach súl é tuarascáil Draghi. Ní mór go mbeadh dlúthnasc idir iomaíochas an Aontais a neartú agus leanúint de chlár oibre an Chomhaontaithe Ghlais agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air chun an fás a spreagadh, don infheistíocht agus don nuálaíocht, le dlús a chur leis an gclaochlú digiteach agus le caomhnú an chomhtháthaithe shóisialta. Ní mór dúinn feabhas cothrománach, trasearnálach a chur ar na creatchoinníollacha eacnamaíocha. Chuige sin, ní mór, go háirithe, an margadh inmheánach a fhorbairt a thuilleadh ar bhealach atá dírithe ar an todhchaí, dul chun cinn nithiúil a dhéanamh maidir leis an maorlathas a laghdú agus dlús a chur le nósanna imeachta agus, ag an am céanna, na caighdeáin chosanta is gá a choinneáil, praghsanna fuinnimh a laghdú, bearta chun oibrithe oilte a bhaint amach, taighde agus nuálaíocht a neartú agus clár oibre uaillmhianach trádála atá bunaithe ar oscailteacht.

Dá bhrí sin, cuirimid fáilte i gcoitinne roimh an bhfriotal maidir leis an margadh aonair. Is díol sásaimh dúinn freisin gurb iad an tslándáil eacnamaíoch agus an laghdú ar spleáchais an tríú colún de thuarascáil Draghi agus go luaitear iad sa cháil sin sna conclúidí ón gComhairle. Beidh sé tábhachtach go mbeidh cur chuige iomlánaíoch cuimsitheach ag an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan lena gcuirfear na dreasachtaí cearta ar fáil don nuálaíocht, don chlaochlú, don infheistíocht agus, ar an gcaoi sin, don fhás cuimsitheach agus don cheannasacht theicneolaíoch.

D’ainneoin go dtacaíonn an Ghearmáin leis na pointí thuasluaite, ní raibh sí in ann teacht ar chomhaontú maidir leis na conclúidí ón gComhairle:

Tá an Ghearmáin den tuairim nach féidir cistiú ón Aontas a úsáid ach amháin chun tacú le teicneolaíochtaí atá sábháilte, inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol agus le teicneolaíochtaí a bhfuil spriocanna ina leith ar leibhéal an Aontais. Ní hamhlaidh atá i gcás an fhuinnimh núicléach a ghintear ón scoilteadh núicléach (an chumhacht núicléach). Mhol rialtas na Gearmáine foirmliú a d’urramódh ceannasacht fuinnimh na mBallstát roimhe seo. Ní léirítear é sin go leordhóthanach i mír 15 de na Conclúidí ón gComhairle. Dá bhrí sin, ní raibh rialtas na Gearmáine in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an téacs.’